Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

## Scéim Mharcála: Fraincis – ARDLEIBHÉAL

**Nóta míniúcháin:**
Sa Scéim Mharcála seo,
léiríonn **<u>pointe le hurchair</u>** freagra ar fiú iomlán na marcanna é,
léiríonn **<u>dais</u>** freagra ar fiú cuid de na marcanna nó 0 marc é, agus
léiríonn **<u>lúibíní cruinne</u>** ábhar nach mbaineann le hábhar nach ngearrfar pionós air.

## SECTION I COMPRÉHENSION ÉCRITE (120 marc)

Tá feidhm leis na pointí ginearálta seo a leanas sa dá **Léamhthuiscint**:

Ní mór ceisteanna a bhfuil foranna iontu [e.g. (a) agus (b)] a fhreagairt ar na línte faoi leith atá ann dóibh.

Áit a bhfuil spásanna ar leith curtha ar fáil, agus go gcuirtear dhá fhreagra nó níos mó ar aon líne amháin, breathnaítear air seo mar fhreagra amháin agus tugtar marc dá réir.

Ní bhronnfar marc as aon fhoroinn bhreise ach nuair a chealaítear ceann de na freagraí roimhe sin ar an gceist.

Pionóis:

1. Ábhar iomarcach: -1 nó -2 mharc.

2 Gearrfar pionós lúide 1 ar a mhéad in aghaidh na ceiste/na míre as gach earráid eile. Áirítear orthu seo:

- Athfhriotal míchuí.
- Ionramháil nuair nach mbíonn gá leis.
- Earráidí teanga/gramadaí san ionramháil.
- Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nach dtugtar faoi.
- Freagraí tugtha sa teanga mhícheart, e.g. freagraí i nGaeilge/Béarla nuair a theastaíonn an Fhraincis, mar a bheadh sa Compréhension Écrite; míreanna cheist 6 á bhfreagairt as Fraincis.

**Nóta: D’fhéadfadh sé go ngearrfaí an pionós as ábhar iomarcach in éineacht le haon cheann de na pionóis a luaitear in 2 thuas.**

## C.1 (60 marc)

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart i gCeist 1(i), 2(i), 3(i), 4(ii) agus 5(i). I gCeist 6, nuair a ghnóthaítear lán marcanna i gceachtar mír, tá an marc is airde díobh le bronnadh i gcás gach mire.**

**1.(i) ……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Où est-ce que certains SDF à Paris se réfugient chaque année ? (Section 1)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- (Chaque année, des centaines de SDF / ils prennent pour refuge) les couloirs du métro (parisien)…………………………………………………………………..…. 5 Mharc
- (dans) les couloirs du métro (parisien)……………………………………………. 5 Mharc
- – dans le métro…………………………………………………………………………. 4 Mharc
- – le métro……………………………………………………………………….…..... 2 Mharc
- – (dans) les couloirs………………………………………………………………. 0 Marc

**1.(ii)………………………………………………………………………………….…. 5 Mharc**

*Citez l'expression qui indique que ces SDF demandent la charité de temps en temps. (Section 1)*

- (Assis par terre dans le couloir,) tendant parfois la main………………………….. 5 Mharc
- – (Assis par terre dans le couloir,) tendant la main………………………………….. 4 Mharc
- – (Assis par terre dans le couloir,) tendant parfois la main, ou bien dormant sur le quai, (ils y passent la journée et la nuit)……………………………………………………. 3 Mharc

**2.(i)………………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Qu'est-ce qui rend l'intérieur du centre d'accueil très clair ? (Section 2)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- (les / des) murs blancs, / (les / de / des) grandes fenêtres……………………….....  5 Mharc
- (les / des) murs blancs………………………………………………………………..  5 Mharc
- les / de / des) grandes fenêtres…………………………………….……………..…... 5 Mharc
- – mobilier moderne, murs blancs, grandes fenêtres ………………………………...  4 Mharc
- – Parquet, mobilier moderne, murs blancs, grandes fenêtres ………..………………..  3 Mharc
- – Ce centre expérimental ……. d'hébergement (abairt iomlán)……………………. 0 Marc
- – une maisonnette confortable et lumineuse……………………….…………………....0 Marc

**2.(ii)……………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Trouvez l'expression qui montre qu'il est possible de laver des vêtements dans le centre d'accueil. (Section 2)*

- (Ici, on peut) faire une lessive………………………………………..………. 5 Mharc
- – (Ici, on peut) faire une lessive, trouver des vêtements propres ……………..……. 4 Mharc
- – Ici, on peut manger, se doucher, faire une lessive………………………….…… 3 Mharc
- – Ici on peut manger, se doucher, faire une lessive, trouver des vêtements propres... 2 Mharc
- – Manger, se doucher, faire une lessive..……………………………………… 1 Mharc
- – trouver des vêtements propres …..………………………………………..…. 1 Mharc

**3.(i)……………………………………………………………………..………. 5 Mharc**

*Pour être admis dans le centre d'accueil, quelle condition impose-t-on aux SDF ? (Section 3)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- (À Charenton,) on ne rentre qu'en étant accompagné par l'une des équipes du Recueil social………………………………………………………………………. 5 Mharc
- (À Charenton, il faut) être accompagné par l'une des équipes du Recueil social (nó a leithéid)……………………………………………………………….…. 5 Mharc
- – en étant accompagné par l'une des équipes du Recueil social…………………..… 4 Mharc
- – qu'en étant accompagné par l'une des équipes du Recueil social……………….… 3 Mharc

**3.(ii)…………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Expliquez pourquoi Jean-Luc est venu dormir dans le métro. (Section 3)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- (Avant) il vivait chez ses grands-parents, mais ils sont morts…………………..… 5 Mharc
- – (Avant) je vivais chez mes grands-parents, mais ils sont morts………………….. 4 Mharc
- – (Avant) je vivais chez mes grands-parents, raconte-t-il, mais ils sont morts…….. 3 Mharc
- – Ses grands-parents sont morts……………………………………………………….. 3 Mharc
- – (Avant) il vivait chez ses grands-parents…………………………………….…..... 2 Mharc
- – (Avant) je vivais chez mes grands-parents……………………………………… 1 Mharc
- – (mais) ils sont morts…………………………………………………….…… 0 Marc

**4.(i)………………………………………………………………………….……. 5 Mharc**

*Relevez dans la quatrième section un verbe au participe présent.*

- valorisant……………………………………………………………………….. 5 Mharc
- – en valorisant ………………………………………………………………… 4 Mharc

**Nóta: Má bhíonn mír nach mbaineann le hábhar san áireamh = 0 Marc.**

**4.(ii)…………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Pourquoi Bruno apprécie-t-il tant le plat offert par le centre d'accueil ? (Section 4)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- Son dernier repas chaud, il ne sait plus à quand il remonte……………………….. 5 Mharc
- Il n'a pas mangé de repas chaud depuis très longtemps (nó a leithéid).…………... 5 Mharc
- – (Parce que) c'est un repas chaud..……………………………………………… 3 Mharc
- – (C'est) son dernier repas chaud..……………………………………………….. 0 Marc

**5.(i)…………………………………………………………………………………..….. 5 Mharc**

*Qu'est-ce qui suggère que le centre d'accueil a déjà prouvé sa valeur ?  (Section 5)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- (En trois mois,) l'accueil (de Charenton) / il a enregistré plus d'un millier de passages………………………………………………………………………… 5 Mharc
- – plus d'un millier de passages………………………………………………… 4 Mharc
- – Pour Bruno, c'est la Rolls Royce des refuges…………………………………….. 3 Mharc
- – Pour moi, c'est la Rolls Royce des refuges ………………………………………. 2 Mharc
- – On est vraiment pris en compte ici, s'enflamme Bruno…………………………… 1 Mharc
- – C'est la Rolls Royce des refuges ………………………………………………….. 1 Mharc

**5.(ii)……………………………………………………………………………………. 5 Mharc**

*Selon la cinquième section,*

*(a)* *il est interdit de boire de l'alcool dans le centre*

*(b)* *on essaie de renouer les rapports familiaux*

*(c)* *les SDF trouvent des solutions après être jugés*

*(d)* *les services sociaux cherchent à construire des logements.*

- (b)………………………………………………………………………………. 5 Mharc

**6…………………………………………………………………………………………..... 5 + 5 Mharc**

*Cén fáth a bhfuil an t-ionad cúram lae in Charenton tarraingteach do na daoine seo gan dídean? Déan tagairt don téacs chun tacú le do fhreagra. (Dhá phointe, thart ar 50 focal san iomlán.)*

**Féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú agus na pointí seo a leanas á n-úsáid acu:**

**Aon <u>dá cheann</u> ar bith de na pointí seo a leanas:**

- Tá sé ar nós teach beag seachas dídean, agus tá sé compordach, geal agus te.
- Tá sé ar oscailt seacht lá na seachtaine, agus is féidir leis freastal ar suas le seasca duine.
- Tá sé fearastúil agus tá tolg, urlár adhmaid, troscán nua-aimseartha, ballaí bána agus fuinneoga móra ann.
- Is féidir leo ithe ann agus fiú béile deas te a bheith acu.
- Is féidir leo cithfholcadh a ghlacadh, éadaí a ní agus éadaí glana a fháil.
- Is féidir leo suí ar tholg, féachaint ar an teilifís, pionnliathróid nó peil boird a imirt, nó tobac a chaitheamh.
- Cuirtear ina luí orthu go bhfuil siad tábhachtach agus bíonn meas ar a saoirse.
- Tá an dóigh a gcaitear leo san ionad i gcodarsnacht leis an mbealach a ndéantar neamhaird dóibh sa saol lasmuigh.
- Ní chuirtear iallach orthu obair a fháil ná CV a chlóscríobh a luaithe a thagann siad.
- Is féidir post páirtaimseartha a bheith acu agus fós teacht chuig an ionad.
- Ní thugtar breith orthu; ina ionad sin, tugtar cabhair dóibh chun réitigh a fháil ionas go mbeidh siad in ann a saol a chur le chéile arís.
- Déantar maoirseacht ar ghlacadh alcóil, déantar cúrsaí leighis a sheiceáil agus tá oibrithe sóisialta ann.
- Cabhraítear leo teagmháil a dhéanamh lena dteaghlach.

etc., etc.

## C.2 (60 marc)

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart i gCeist 1(i), 1(ii), 3 agus 4(i).**
**I gCeist 6, nuair a ghnóthaítear lán marcanna i gceachtar mír, tá an marc is airde díobh le bronnadh i gcás gach mire.**

**1.(i)………………………………………………………………………………………..…….. 5 Mharc**

*Depuis combien de temps la maison d'en face était-elle à louer ? (Section 1)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- (Depuis) presque deux mois…………………………………………………..… 5 Mharc
  - (Depuis) deux mois…………………………………………………………….. 4 Mharc
  - « À louer » plantée au milieu du gazon depuis presque deux mois avait disparu…. 3 Mharc

**1.(ii)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Lequel des objets déchargés par les déménageurs était en mauvais état ? (Section 1)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- Un / le fauteuil (qui avait plusieurs déchirures)…………………..……………….. 5 **Mharc**

**Nóta: Má chuirtear aon rud breise leis, e.g. meubles, congélateur, bronn 0 Marc.**

**2.(i)………………………………………………………………………………………... 5 Mharc**

*Selon la deuxième section,*

*(a) le narrateur a garé sa voiture devant la maison d'en face*
*(b) le bruit du camion au milieu de la nuit a réveillé les voisins*
*(c) les déménageurs sont partis avant le coucher du soleil*
*(d) les nouveaux venus ne pouvaient pas être identifiés.*

- (d)…………………………………………………………………………………..… 5 Mharc

**2.(ii)………………………………………………………………………….…………… 5 Mharc**

*Relevez dans la deuxième section un adjectif possessif.*

Ceann díobh seo:

- Leur……………………………………………………………………………….. 5 Mharc
- Leurs……………………………………………………………………………... 5 Mharc

**Nóta: Bronn 5 Mharc nó 0 Marc. Aon mhír nach mbaineann le hábhar = 0 Marc.**

**3.………………………………………………………………………..……..…. 5 Mharc**

*Pourquoi aurait-il été impossible pour les voisins d'entendre la conversation dans le salon ? (Section 3)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- (Comme) la / cette pièce / le salon / il ne donnait pas sur la rue………………….. 5 Mharc
- Comme la / cette pièce / le salon / il ne donnait pas sur la rue, personne ne pouvait évidemment les entendre……………………………………………………….... 5 Mharc

– Comme la / cette pièce / le salon / il ne donnait pas sur la rue, personne ne pouvait évidemment nous entendre…….……………………………………………….. 4 Mharc

**4.(i)…………………………………………………………………………………….….  5 Mharc**

*Donnez deux raisons qui expliquent pourquoi Roger et Sarah n'avaient pas aimé leurs anciens voisins. (Section 3)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

**Dhá cheann díobh seo:**

- C'étaient des gens bruyants / Ils / les anciens voisins étaient bruyants…….…..….. 5 Mharc
- Les / Leurs poubelles débordaient en permanence (de bouteilles vides)………….. 5 Mharc
- Ils garaient leurs voitures n'importe comment……………………………...… 5 Mharc
- Ils négligeaient leur jardin…………………………………………………. 5 Mharc
- – dont les poubelles débordaient en permanence (de bouteilles vides)..…………..… 4 Mharc
- – négligeaient leur jardin………………………………………………...… 4 Mharc
- – C'était sale en face…………………………………………………… 3 Mharc

**4.(ii)…………………………………………………………………………………..  5 Mharc**

*Citez l'expression qui montre que Roger n'était pas agité en arrivant chez les loups. (Section 4)*

- (Moi,) j'étais tout à fait détendu………………………………………… 5 Mharc
- – Il était tout à fait détendu…………………………………………..…… 4 Mharc
- – (Moi,) j'étais détendu…………………………………………………… 4 Mharc
- – Tout à fait détendu……………………………………………………… 4 Mharc
- – Il était détendu………………………………………………………..…. 3 Mharc
- – Moi, j'étais tout à fait ……..……... tremblait un peu (abairt iomlán)…………..... 3 Mharc

**5.(i)………………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*À quel moment Sarah a-t-elle voulu prendre un pas en arrière ? (Section 4)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- En apercevant les dents (affreusement pointues) du loup…………………….…. 5 Mharc
- Quand elle a aperçu / vu les dents (affreusement pointues) du loup (nó a leithéid).. 5 Mharc
- – en apercevant les dents (affreusement pointues)…………….…………………. 4 Mharc
- – Quand elle a vu le loup (nó a leithéid)……………………………………….. 3 Mharc
- – Quand le loup a ouvert la porte (nó a leithéid)……………………………….. 3 Mharc
- – un (immense) loup (gris) en ouvrant brutalement la porte……………….…..…… 2 Mharc
- – a demandé un (immense) loup (gris) en ouvrant brutalement la porte……………. 1 Mharc
- – (Réprimant un mouvement de recul) en les apercevant, (Sarah a lancé d'une voix mal assurée)……………..……………….……………………………….….. 1 Mharc

**5.(ii)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Qu'est-ce qui démontre que Roger et Sarah étaient assez ivres en rentrant chez eux ? (Section 4)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- Ils ne marchaient pas tout à fait droit…………………………………………… 5 Mharc
- – Nous ne marchions pas tout à fait droit………………………………………. 4 Mharc
- – Ils ne marchaient pas tout à fait droit parce que les deux loups n'avaient (pas) cessé de remplir leurs verres ………………………………………………………..….… 4 Mharc
- – Nous ne marchions pas tout à fait droit parce que les deux loups n'avaient (pas) cessé de remplir nos verres ………………………………………………………….…… 3 Mharc
- – Les deux loups n'avaient cessé de remplir leurs verres……………….………... 3 Mharc
- – Les deux loups n'avaient cessé de remplir nos verres……………………….. 2 Mharc

**6……………………………………………………………………………………..……..… 5+ 5 Mharc**

*Conas a d'fhreagair Roger agus Sarah do theacht a gcomharsan nua, na mic tíre? Déan tagairt don téacs chun tacú le do fhreagra. (Dhá phointe, thart ar 50 focal san iomlán.)*

**Féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú agus na pointí seo a leanas á n-úsáid acu.**

Maidir le Roger:

- Síleann sé go bhfuil a dtroscán gránna.
- Ba mhaith leis a fháil amach cé hiad nuair a bhreathnaíonn sé amach an fhuinneog.
- Síleann sé nach dtig leo a bheith níos measa ná na comharsana a bhí acu roimhe seo.
- Tá sé ar a shuaimhneas agus iad ag tarraingt ar an teach.

etc., etc.

Maidir le Sarah:

- Déanann sí scigireacht agus deir sí go bhfuil drochbhreithiúnas (drochthoighis) acu.
- Baintear geit aisti nuair a fhaigheann sí amach gur mic tíre iad.
- Cinneann sí quiche a dhéanamh mar bhronntanas fáiltithe dóibh.
- Tá sí neirbhíseach agus iad ag tarraingt ar an teach.
- Cúlaíonn sí nuair a fheiceann sí fiacla an mhic tíre.

etc., etc.

Maidir leis an mbeirt acu:

- Bhí an bheirt acu fiosrach faoi na comharsana nua agus faoina gcuid troscáin.
- Bhí siad sásta dul anonn go teach na mac tíre chun fáilte a chur rompu chuig an gcomharsanacht.
- D'ól siad chuid mhór i gcuideachta na mac tíre.
- Rinne siad an-chairdeas leis na mic tíre tar éis an tráthnóna sin.

etc., etc.

# SECTION II PRODUCTION ÉCRITE (100 marc)

## Éigeantach

C. 1 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 20 marc |
| Teanga | 20 marc |

(40 marc)

## Freagair dhá cheann de na ceisteanna 2, 3, 4

C. 2 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc |
| Teanga | 15 mharc |

(30 marc)

C. 3 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc |
| Teanga | 15 mharc |

(30 marc)

C. 4 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc |
| Teanga | 15 mharc |

(30 marc)

**<u>Nótaí:</u>** C. 2 (a) agus (b) Níl gá le leagan amach ar leith anseo.

# GREILLE MHARCÁLA

| Cumarsáid | C. 1<br>20 marc | C. 2, 3 & 4<br>15 mharc |
|---|---|---|
| **BARR**<br>• Feidhm mhaith bainte as an ábhar spreagtha<br>• Ardleibhéal comhleanúnachais sa téacs<br>• Soiléire san argóinteacht<br>• An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>• Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann<br>• Gan mórán dearmad sa tsainréim teanga | **13 - 20** | **11 - 15** |
| **LÁR**<br>• Déileáil fhorásach go maith leis an ábhar spreagtha<br>• Leibhéal réasúnta comhleanúnachais sa téacs<br>• Sothuigthe ag Francach aonteangach<br>• Meas ar an iomlán ar aidhm na cumarsáide<br>• Roinnt ábhar neamhábhartha<br>• Gan an iomarca dearmad sa tsainréim teanga | **8 - 12** | **6 - 10** |
| **BUN**<br>• Athscríobh amháin nó an-drochdhéileáil leis an ábhar spreagtha<br>• Easpa comhleanúnachais sa téacs<br>• Bheadh deacracht ag Francach aonteangach é a thuiscint<br>• Aidhm na cumarsáide neamhéifeachtach<br>• Cuid mhór ábhar neamhábhartha<br>• Dearmaid sa tsainréim teanga | **0 - 7** | **0 - 5** |
| **Teanga** | **C. 1<br>20 marc** | **C. 2, 3 & 4<br>15 mharc** |
| **BARR**<br>• Fraincis nádúrtha<br>• Stór focal saibhir<br>• Abairtí casta á láimhseáil go maith<br>• Gan mórán dearmad sna briathra, san aontú ná sa litriú | **13 - 20** | **11 - 15** |
| **LÁR**<br>• Stór focal leordhóthanach<br>• Na briathra ceart ar an iomlán<br>• Rialacha an aontaithe i gceart de ghnáth<br>• Gan an iomarca dearmad sa litriú | **8 - 12** | **6 - 10** |
| **BUN**<br>• Fadhbanna le stór focal<br>• Formhór na mbriathra mícheart<br>• Neamhaird ar riail bhunaidh an aontaithe<br>• Cuid mhór dearmad sa litriú | **0 - 7** | **0 - 5** |

# Triail Chluastuisceana (80 marc)

Tuairimí ginearálta:

1. Ní gá go mbeadh pointí ar leith ar línte ar leith.
2. Ní ghearrtar aon phionós as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
3. Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
4. Má fhreagraítear an Triail iomlán / roinn iomlán den Triail sa Fhraincis: marcáil de réir na Scéime Marcála, agus ansin bain 25% de na marcanna a gnóthaíodh.

Sna ceisteanna seo a leanas, nuair a ghnóthaítear lán marcanna i gceachtar mír, tá an marc is airde díobh le bronnadh i gcás gach míre: I, C.2; II, C.2; III, C.2; IV, C.1 & C.4.

**Roinn I (16 Mharc)**

**1.**

*Cá bhfuil Grégoire ag obair?*

- (I m)bácús/ (i) siopa arán………………………………………………………….……. 4 Mharc

**2.(a) & (b)**

*Luaigh an dá rud a tharla tar éis argóna oíche Shathairn amháin.*

- D'fhág a chara / a chairde (gan é)………..……………………………………...… 4 Mharc
- B'éigean dó siúl / shiúil sé abhaile / thóg sé (breis is) trí huaire an chloig air siúl abhaile ………………………………………………………………………….……………. 4 Mharc

**3.**

*Cad a deir Grégoire atá sé a dhéanamh faoi láthair?*

- Ag coigilt airgid chun carr a cheannach …………………………………………….. 4 Mharc
- – Ag coigilt …………………………………………………………………...... 3 Mharc
- – Ag ceannach cairr…………………………………………………………….. 0 Marc

**Nóta: Rud mícheart (e.g. gluaisrothar) = lúide 1 Mharc.**

**Roinn II (21 Marc)**

**1.(i)**

*Conas a chaitheadh Jeanne an samhradh le linn a hóige?*

- Ag taisteal…………………………………………..……………………………… 3 Mharc
- San Eoraip………………..……………………..…………………………......… 3 Mharc
- Lena teaghlach……….………………………………………………..………..…. 3 Mharc

**1.(ii)**

*Cad a rinne Jeanne díreach sular fhág sí an baile?*

- D'fhág sí nóta (beag)……………………………………………………………… 3 Mharc

**2.(a) & (b)**

*Tabhair an dá chúis nár éirigh go maith le Jeanne go luath ina gairm.*

- Bhí na báid eile mór / níos mó….………………………………………………..... 3 Mharc
- – Bhí na báid eile rómhór………………………………………………………… 2 Mharc
- – Báid mhóra……………………………………………………………………..... 1 Mharc

- Bhí deacracht aici é a stiúradh / a sheoladh / i stoirmeacha / i ngálaí / i ngaoithe láidre………………………………………………………………………………. 3 Mharc
- – Bhí deacracht aici é a stiúradh / a sheoladh……………..………………………… 2 Mharc

**3.(i)**

*Cad ba chúis le Jeanne titim isteach san fharraige oíche amháin?*

- Tonn (mhór)………………………………………………………………………. 3 Mharc
- – Tonnta.………………………………..………………………………………… 2 Mharc

**3.(ii)**

*Cén fáth a raibh an-eagla uirthi nuair a tharla sin?*

- Ní raibh (a) seaicéad tarrthála / (a) veist tarrthála uirthi / léi.....………………….…. 3 Mharc
- – Ní raibh (a) crios tarrthála / (a) baoi tarrthála / (a) trealamh sábháilteachta léi…... 1 Mharc

**4.**

*Cén fáth ar maith le Jeanne cónaí in aice le Marseille?*

- Tig léi snámh os comhair / in aice a baile..……………………………………….…. 3 Mharc
- Tig léi snámh i gcaitheamh na bliana ar fad / gach lá..…………………………..… 3 Mharc
- – Tig léi snámh...............………………………………………………………… 2 Mharc
- – (Tá sé) in aice na farraige..………………………………………………………… 1 Mharc

**Roinn III (18 Marc)**

**1.(i)**

*Cathain a bhfuil súil ag Daphné lena blag a lainseáil?*

- Deireadh na seachtaine seo chugainn / An tseachtain seo chugainn..……………... 3 Mharc
- – Tús na seachtaine seo chugainn..………………………….…………….………. 1 Mharc

**1.(ii)**

*Cén cineál físeán atá Daphné ag dul a chur ina blag?*

- (Físeáin faoi) stíleáil gruaige / stíleanna gruaige..………………………..…...… 3 Mharc
- – Bearradh gruaige / gearradh gruaige..…………..…………………………..…….1 Mharc

**2.(a) & (b)**

*Cén dá rud a deir Simon mar gheall ar ainm blag?*

- Ba chóir go mbeadh sé éasca é a aimsiú (le / in inneall cuardaigh)...……..……..…3 Mharc
- – (Is) éasca é a aimsiú (le / in inneall cuardaigh)………..…………………………... 2 Mharc

- Ba chóir go gcuirfeadh sé fonn ort cliceáil (air)..…………………………………... 3 Mharc
- – Cuireann sé fonn ort cliceáil (air)..………………………………………………… 2 Mharc

**3.(i)**

*Cén fáth a bhfuil Simon ag dul go dtí an Ghréig ag an gCáisc?*

- (Le haghaidh) phósadh a charad (an charad is fearr atá aige)……………………... 3 Mharc
- (Le haghaidh) pósadh carad……………………………………………………..… 3 Mharc
- – (Le haghaidh) pósadh………………………………..……………………..… 2 Mharc

**Nóta: Má thugtar pósadh an duine mhíchirt, bronn 0 Marc.**

**3.(ii)**

*Cén rud eile a bhfuil súil aige é a dhéanamh nuair a bheidh sé ann?*

- Ceachtanna tumadóireachta (a dhéanamh) / (dul ag) tumadóireacht.…..………… 3 Mharc
  - Ceachtanna (a dhéanamh)………………………………………………………. 1 Mharc
  - Ceachtanna tumadóireachta a thabhairt……………………………..……. 0 Marc

**Nóta: Má thugtar an ghníomhaíocht mhícheart (e.g. ceachtanna seoltóireachta), bronn 0 Marc.**

**Roinn IV (21 Marc)**

**1.(a) & (b)**

*Luaigh an dá chúis a gceapann Chantal nach bhfuil a hárasán galánta.*

- Tá 14 mhéadar cearnach ann (Níl ach 14 mhéadar cearnach ann)……………..... 3 Mharc
  - Tá sé beag / Níl sé mór……………….……………………………………….… 2 Mharc

**Nóta: Má fhágtar "cearnach" ar lár, nó má thugtar an uimhir/ an t-aonad tomhais mhícheart, lúide 1 Mharc.**

- Caithfidh sí an cithfholcadán a roinnt (lena comharsa ar an léibheann / urlár céanna) ……………………………………………………………………………….. 3 Mharc

**Nóta: Glac le "seomra folctha" mar focal comhchiallach. "Comrádaí seomra" = lúide 1 Mharc.**

**2.**

*Cad a deir Chantal faoi Pháras san oíche?*

- Tá ceantair ann is fearr a sheachaint / ba chóir ceantair áirithe a sheachaint …….. 3 Mharc
  - Tá ceantair ann atá contúirteach…………………………………………....….. 2 Mharc
  - Ba chóir do dhaoine Páras / é a sheachaint ……………………………………….. 0 Marc

**3.(i)**

*Cén fáth a bhfuil Guillaume an-chúramach le hairgead?*

- Tá Páras ar cheann de na cathracha is costasaí (sa Fhrainc) ……………………… 3 Mharc
  - Tá Páras costasach / ina chathair chostasach ……………………………………... 2 Mharc
  - Is é Páras an chathair is costasaí (sa Fhrainc) ……………………………..… 1 Mharc

**3.(ii)**

*Cén fáth a bhfuil sé furasta go maith aige a bheith eagraithe ina árasán?*

- Tá cleachtadh maith aige ar thimireacht / obair an tí (ó bhí sé an-óg)…………... 3 Mharc
- – Déanann sé timireacht / obair an tí………..………………………………………. 1 Mharc

**4.(a) & (b)**

*Tabhair (a) buntáiste amháin agus (b) míbhuntáiste amháin a luann Guillaume a bhaineann le bheith i do chónaí i d'aonar.*

**(a)**

- Is féidir leis staidéar a dhéanamh faoi shuaimhneas (ag an mbaile / ina árasán)….. 3 Mharc
- Is féidir leis staidéar a dhéanamh (ag an mbaile / ina árasán) gan duine ar bith ag cur isteach air..……………………………………………………………….. 3 Mharc
- – Is féidir leis staidéar a dhéanamh..…………………………………………….... 2 Mharc
- – Tá sé ciúin / suaimhneach…………………………………………………...... 1 Mharc

**(b)**

- Níl aon duine (eile) ann chun an cuisneoir a líonadh (nuair a bhíonn sé folamh).… 3 Mharc

**<u>Roinn V (4 Mharc)</u>**

**1.**

*Cad a rinne duine de na fir le linn na troda?*

- Chaith sé pota / próca / píosa suibhe / píosa bia (leis an bhfear eile)……….......… 1 Mharc

**Nóta: Má thugtar an bia mícheart, bronn 0 Marc.**

**2.(i)**

*Cén t-am a tharla an eachtra seo in Toulouse?*

- (Ar) 11.45 (a.m.) / ceathrú go dtí a dó dhéag…..…………………….……….…..... 1 Mharc
- (Ar) ceathrú go dtí a (12) nóin / meán lae……………….……………………..….....… 1 Mharc
- – (Ar) 11.45 p.m. / ceathrú go dtí mean oíche / 23.45………………………………. 0 Marc

**2.(ii)**

*Cad a rinne an fear armtha?*

- Rinne sé giall (de dhuine / de dhaoine) / ghabh sé giall(a)..……………….……….…. 1 Mharc

**3.**

*Cad a deirtear linn faoi mhúsaeim áirithe sa Fhrainc?*

- Bíonn cead isteach saor in aisce iontu ar an gcéad Domhnach de gach mí.……..… 1 Mharc
- Bíonn cead isteach saor in aisce iontu corr-Dhomhnach / uair sa mhí……..……... 1 Mharc
- – Bíonn cead isteach saor in aisce iontu……………………………………………... 0 Marc

# AGUISÍN 1

# Scéim Mharcála Mhionathraithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- úsáid téipthaifeadáin.
- úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe air.
- úsáid scríobhaí.
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.

Sa Fhraincis Ardleibhéil san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

## Léamhthuiscint agus Táirgeadh Scríofa

Litriú: ná cuir líne faoi fhocail atá litrithe mícheart ná a bhfuil aicinn ar lár nó mícheart orthu, fiú má chuireann sé isteach ar fhuaimniú an fhocail. Dearcaimid ar aicinn mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.

Gramadach: is féidir na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós á ngearradh astu a aithint ach ligean ort féin go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip / CD. Is as dearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh.

**Sampla 1:**

Scríobhann an t-iarrthóir *Elle a allée.* Bheadh an briathar cúnta mícheart "avoir" le cluinstin ar CD, mar sin cuir líne faoi mar dhearmad agus gearr pionós dá réir.

**Sampla 2:**

Scríobhann an t-iarrthóir *Elle est allée.* **Níor chóir** líne a chur faoin easpa aontaithe ná pionós a ghearradh mar nach mbeifí tar éis é a thabhairt faoi deara ar CD.

**Sampla 3:**

Don Production Écrite, má scríobhann an t-iarrthóir é seo a leanas: *A mon avi nous ne faison pas beacoup des chose pour les san-abri. L'organisations comme St. Vincent de Paul faisent beacoup*, ná cuir líne faoi *avi, beacoup, faison, chose* ná *san-abri*, agus ná gearr pionós mar gur botúin litrithe iad sin. Cuir líne faoi *l'* agus *faisent* agus gearr pionós mar go gcloisfí na hearráidí gramadaí sin ar thaifeadadh.

# AGUISÍN 2

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d’iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d’iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

Bain úsáid as an tábla seo i gcás an ábhair a leanas:

- **Fraincis – Ardleibhéal**

## Iomlán: 300 Gnáthráta: 5%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 225. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 - 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán